



An Bhruiséil, 24 Samhain 2021
(OR. en, de)

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2020/0374(COD)
2020/0361(COD)

13801/21
ADD 3

CODEC 1456
COMPET 801
MI 830
RC 44
TELECOM 412

NÓTA

ó:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)
chuig:	An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	13192/21
Uimh. an doic. ón gCoim.:	14172/20 + ADD 1-4 - COM(2020) 842 final
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach (an lonstraim um Margaí Digiteacha) - Cur chuige ginearálta - <i>Ráiteas ó thoscaireacht na hOstaire</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo:

– *Ráiteas ó thoscaireacht na hOstaire*

maidir leis an ábhar thuasluaite mar ullmhúchán don chruinniú a bheidh ag an gComhairle Iomaíochais an 25 Samhain 2021.

**TOGRA LE HAGHAIDH RIALACHÁN MAIDIR LE MARGAÍ INCHOIMHLINTE AGUS
COTHROMA SAN EARNÁIL DHIGITEACH (AN IONSTRAIM UM MARGAÍ
DIGITEACHA) – CUR CHUIGE GINEARÁLTA**

Ráiteas ón Ostair

Is deimhin leis an Ostair an Ionstraim um Margaí Digiteacha agus a cur chuige rialála *ex ante*, mar a léirítear in Airteagal 5 agus in Airteagal 6. Is iad Airteagal 5 agus Airteagal 6 croílár an Rialacháin agus cuirtear síos iontu ar a raon feidhme. Dá bhrí sin, agus a cinneadh á dhéanamh aici, glacann an Ostair leis go bhfuil sé de shaoirse ag na Ballstáit rialáil a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta (i gcomhréir le dlí an Aontais) má shaothraítear cuspóirí dlisteanacha eile, amhail cosaint tomhaltóirí, iomaíocht éagórach a chomhrac, nó iolrachas sna meáin. Féadfaidh rialacha náisiúnta, amhail clásáil dhochta NBF i leith ardáin áirithinte, leanúint d'fheidhm a bheith acu, lena n-áirítear maidir le geatóirí, ós rud é go bhfuil cuspóir eile leo. Táimid ag súil freisin go mbeidh tuilleadh feabhsuithe, amhail coinníollacha rochtana córa, mar thoradh ar an gcaibidlíocht.
